



An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2021
(OR. en)

12400/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0313(NLE)**

PECHE 336

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	6 Deireadh Fómhair 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 614 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Phrótacail (2021-2024) maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta lascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 614 final.

Faoi iamh: COM(2021) 614 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.10.2021
COM(2021) 614 final

2021/0313 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach, an
Phrótacail (2021-2024) maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe
Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin
Cook**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

An Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe ('SFPA') idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook, síníodh é an 3 Bealtaine 2016 agus an 14 Bealtaine 2016 faoi seach, agus tháinig sé i bhfeidhm go sealadach an 14 Bealtaine 2016 ar feadh tréimhse ocht mbliana. Tá an comhaontú in-athnuaite go hintuigthe, agus dá bhrí sin tá sé fós i bhfeidhm. An chéad Phrótacal 4 bliana maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, tháinig sé i bhfeidhm go sealadach an 14 Deireadh Fómhair 2016 agus chuaigh sé in éag an 13 Deireadh Fómhair 2020. Tá an Comhaontú agus an Prótacal araon i bhfeidhm ó bhí an 10 Bealtaine 2017 ann.

An 7 Iúil 2020 ghlac an Chomhairle sainordú¹ lenar údaraíodh don Choimisiún Eorpach tús a chur le caibidlíocht le haghaidh Prótacal nua maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook ('Oileáin Cook') agus le haghaidh an fhadaíthe a d'fhéadfaí a chur leis an bPrótacal atá ann faoi láthair² a ghabhann leis an gComhaontú sin, Prótacal a bhí le dul in éag an 13 Deireadh Fómhair 2020.

Le linn an chéad bhabhta caibidlíochta (16 Iúil 2020), chomhaontaigh idirbheartaithe ón Aontas agus ó Oileáin Cook go mbeadh roinnt babhtaí ag teastáil chun an chaibidlíocht a chur i gcrích mar gheall ar chineál casta na caibidlíochta. Dá bhrí sin, chomhaontaigh an dá pháirtí síneadh a chur leis an bPrótacal ar feadh uastréimhse aon bhliain amháin, i gcomhréir leis an sainordú ón gComhairle. Socraíodh an síneadh trí bhíthin Comhaontaithe i bhfoirm malartaithe litreacha ar cuireadh inisealacha leis an 29 Iúil 2020 sa Bhruiséil agus in Rarotonga (Oileáin Cook).

Cuireadh síneadh bliana leis an bPrótacal ón lá a shínigh an dá pháirtí an malartú litreacha, i.e. an 14 Samhain 2020. Dá réir sin, rachaidh an Prótacal atá ann faoi láthair in éag an 13 Samhain 2021.

Ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ábhartha³, rinne an Coimisiún caibidlíocht le hOileáin Cook d'fhonn Prótacal nua maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh. Tar éis an chaibidlíochta a bheith tugtha i gcrích, chuir na hidirbheartaithe inisealacha le Prótacal an 28 Iúil 2021. Leis an bPrótacal nua, cumhdaítear tréimhse 3 bliana ó dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail a leagtar síos in Airteagal 11 de, is é sin an dáta a shíneoidh an dá Pháirtí é.

Is é is cuspóir don togra seo síniú an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a údarú le haghaidh na tréimhse 2021-2024.

¹ CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh prótacal nua maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus rialtas Oileáin Cook agus le haghaidh an fhadaíthe a d'fhéadfaí a chur leis an bprótacal atá ann faoi láthair a ghabhann leis an gComhaontú sin (ST 8848/20).

² An Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (IO L 131, 20.5.2016, lch. 10).

³ Arna ghlacadh ag an 3418ú Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 22 Deireadh Fómhair 2015.

Tá sé d'aidhm ag an bPrótacal deiseanna iascaireachta a thabhairt do shoithí an Aontais i limistéir iascaireachta Oileáin Cook i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch agus le moltaí ón gCoimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir ('WCPFC'), laistigh de theorainneacha an bharrachais atá ar fáil. Tá sé d'aidhm aige freisin comhar idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Cook a neartú, agus ar an geaoi sin creat comhpháirtíochta a chruthú trínar féidir beartas iascaigh inbhuanaithe a fhorbairt agus saothrú fóna a dhéanamh ar acmhainní iascaigh i limistéir iascaireachta Oileáin Cook, chun leasa an dá pháirtí.

Leis an bPrótacal nua AE-Oileáin Cook is féidir le cabhlach an Aontais iascaireacht a dhéanamh in uiscí iascaigh Oileáin Cook le haghaidh speicis tuinníní, agus is mar a leanas a dhéantar foráil maidir le deiseanna iascaireachta:

- 4 shoitheach peas-saighne tuinníní a bhfuil rochtain acu ar limistéir iascaireachta Oileáin Cook ar feadh 100 lá in aghaidh na bliana;
- is féidir 110 lá breise a chur ar fáil do chabhlach an Aontais, arna iarraidh sin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

I gcomhréir le tosaíochtaí an Rialacháin lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh ('an Rialachán CBI')⁴, tugtar leis an bPrótacal deiseanna iascaireachta do shoithí an Aontais i limistéir iascaigh Oileáin Cook, bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus mar thoradh ar mholtaí ón gCoimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir. Ina theannta sin, fágann an Prótacal gur féidir leis an Aontas Eorpach agus le hOileáin Cook oibriú níos dlúithe le chéile maidir le saothrú fóna na n-acmhainní iascaigh i limistéir iascaigh Oileáin Cook a chur chun cinn agus tacú le hiarrachtaí Oileáin Cook a n-earnáil iascaigh a fhorbairt, chun leasa an dá pháirtí.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

An chaibidlíocht maidir le Prótacal nua i dtaca le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe — a mbaineann cuid de leis an síneadh seo atá beartaithe — tá sé ina chuid de ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais i dtaca le tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin ('tíortha ACC') agus cuirtear san áireamh ann, go háirithe, cuspóirí an Aontais maidir le prionsabail dhaonlathacha agus cearta an duine a urramú.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é an bunús dlí Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena mbunaítear an comhbheartas iascaigh, agus Airteagal 218(5) CFAE maidir le comhaontuithe idir an tAontas agus tríú tíortha a shíniú, comhaontaithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm go sealadach.

I gcomhréir le hAirteagal 218(5) CFAE, tá an Chomhairle chun cinneadh a ghlacadh lena n-údarófar síniú an Chomhaontaithe. De réir Airteagal 17(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, amach ón gcomhbheartas eachtrach agus slándála, áiritheoidh an Coimisiún

⁴ IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.

ionadaíocht sheachtrach an Aontais. Dá bhrí sin, na hoifigigh a ainmníonn an Coimisiún, is acu sin amháin a bheidh an inniúlacht comhaontú idir an tAontas agus tríú tír a shíniú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach leis an gcuispóir maidir le creat rialachais dhlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta atá á ndéanamh ag soithí an Aontais in uisce tríú tíortha, mar a leagtar amach in Airteagal 31 den Rialachán CBI. Tá sé i gcomhréir leis na forálacha sin chomh maith leis na forálacha maidir le cúnamh airgeadais do thríú tíortha a leagtar síos in Airteagal 32 den Rialachán sin.

3. **TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara le linn na meastóireachta ar an bPrótacal le haghaidh na tréimhse 2016-2020. Chuathas i gcomhairle le saineolaithe na mBallstát freisin i gcruinnithe teicniúla. De thoradh na gcomhairliúcháin sin, thángthas ar an gconclúid go mbeadh sé tairbhiúil an Prótacal a athnuachan le hOileáin Cook.

- **Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe tionscail, le heagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta, chomh maith le córas riaracháin iascaigh agus ionadaithe ó shochaí shibhialta Oileáin Cook, mar chuid den mheastóireacht. Reáchtáladh comhairliúchán freisin faoi chuimsiú na Comhairle Comhairlí Fadraoin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D'úsáid an Coimisiún comhairleoir neamhspleách le haghaidh na meastóireachtaí *ex ante* agus *ex post*, i gcomhréir le hAirteagal 31(10) den Rialachán CBI.

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar

- **Ceartha bunúsacha**

Sa chomhaontú a caibidlíodh, cuimsítear clásal a bhaineann le hiarmhairtí na sárúithe ar na gnéithe riachtanacha, a bhaineann le ceartha daonna, d’Airteagal 9 de Chomhaontú Cotonou⁵, nó den Airteagal comhfhreagrach sa Chomhaontú a thiocfaidh i gcomharbas ar Chomhaontú Cotonou.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é EUR 700 000 ranníocaíocht airgeadais bhliantúil an Aontais, bunaithe ar an méid a leanas:

a) méid bliantúil a íoctar as rochtain ar acmhainní iascaigh le haghaidh na gcatagóirí dá bhforáiltear sa Phrótacal arna shocrú ag EUR 350 000 ar feadh thréimhse an Phrótacail;

b) tacaíocht d’fhorbairt bheartas eárnála iascaigh Oileáin Cook arb é atá inti EUR 350 000 in aghaidh na bliana, ar feadh thréimhse an Phrótacail. Comhlíonann an tacaíocht sin cuspóirí bheartas náisiúnta Oileáin Cook maidir le bainistiú inbhuanaithe a gcuid acmhainní muirí iascaigh ar feadh thréimhse iomlán an Phrótacail.

Déantar an méid bliantúil leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasaí íocaíochta a bhunú le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, lena n-áirítear an líne chúltaca do phrótacail nár tháinig i bhfeidhm go fóill ag tús na bliana⁶.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déantar foráil maidir leis na socruithe faireacháin sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus sa Phrótacal cur chun feidhme a ghabhann leis.

⁵ IO L 317, 15.12.2000, lch. 3.

⁶ I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha(2013/C 373/01).

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Phrótacail (2021-2024) maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2), i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh (AE) Uimh. 2017/418 ón gComhairle⁷, formheasadh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook ('an Comhaontú Comhpháirtíochta')⁸ agus tháinig sé i bhfeidhm an 10 Bealtaine 2017. An Comhaontú Comhpháirtíochta agus an Prótacal maidir lena chur chun feidhme, cuireadh i bhfeidhm go sealadach iad ó bhí an 14 Deireadh Fómhair 2016⁹ ann ar feadh tréimhse 4 bliana.
- (2) An 7 Iúil 2020 thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Rialtas Oileáin Cook maidir le tabhairt i gcrích Prótacal nua i dtaca le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta.
- (3) Go dtí go dtabharfar an chaibidlíocht i gcrích, cuireadh síneadh leis an bPrótacal atá ann faoi láthair agus tá sé le dul in éag an 13 Samhain 2021¹⁰.
- (4) Tugadh an chaibidlíocht sin chun críche go rathúil agus cuireadh inisealacha le Prótacal nua maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe ('an Comhaontú') an 28 Iúil 2021.
- (5) Tá sé d'aidhm ag an bPrótacal cur ar chumas an Aontais agus Rialtas Oileáin Cook leanúint de bheith ag obair le chéile chun beartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun

⁷ Cinneadh (AE) 2017/418 ón gComhairle an 28 Feabhra 2017 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook, agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis (IO L 64, 10.3.2017, lch. 1).

⁸ IO L 131, 20.5.2016, lch. 3.

⁹ IO L 289 an 25.10.2016, lch. 1.

¹⁰ IO L 395 an 25.11.2020, lch. 1.

cinn agus saothrú fõnta a dhéanamh ar acmhainn iascaigh uiscí iascaigh Oileáin Cook agus chun go bhféadfaidh soithí an Aontais iascaireacht a dhéanamh sna huiscí sin.

- (6) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh faoi réir a thabhairt i gcrích dáta is faide anonn.
- (7) I bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéir iascaireachta Oileáin Cook agus an gá atá ann gan cur isteach ar na gníomhaíochtaí sin ar dhul in éag an phrótacail atá ann faoi láthair, ba cheart an Prótacal a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a chur i bhfeidhm go sealadach ó lá a shínithe amach.
- (9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725¹¹ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim uaidh an [*cuir isteach dáta*]¹².

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar leis seo síniú an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Cook ('an Prótacal') a fhorghaibh thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail.

Tá téacs an Phrótacail i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Bunóidh Ardrúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí chun an Prótacal a shíniú, faoi réir an Prótacail a thabhairt chun críche, do na daoine a thugann an Coimisiún le fios.

¹¹ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

¹² Tagairt. [*Cuir isteach tagairt*]

Airteagal 3

Cuirfear an Prótacal i bhfeidhm go sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 11 de, ó dháta a shínithe go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

08 05 01 – Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tíortha

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

08 – Talmhaíocht agus Beartas Muirí

08 05 — Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPAnna) agus Eagraíochtaí Réigiúnacha um Bainistiú Iascaigh (ERBInna)

08 05 01 – Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tíortha

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☒ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann tionscadal píolótach / réamhbhirt¹³**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh a chur le beart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Trí chaibidlíocht a dhéanamh ar na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPAnna) le tríú tíortha agus iad a thabhairt i gcrích, comhlíontar an cuspóir ginearálta maidir le rochtain a thabhairt do shoithí iascaireachta an Aontais ar limistéir iascaireachta tríú tíortha agus comhpháirtíocht a fhorbairt leis na tíortha sin d'fhonn saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh a neartú lasmuigh d'uisce an Aontais Eorpaigh.

Le SFPAnna, áirithítear freisin comhsheasmhacht idir na prionsabail lena rialaítear an comhbheartas iascaigh agus na gealltanais a rinneadh faoi bheartais Eorpacha eile (úsáid inbhuanaithe acmhainní tríú tíortha, an comhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialaithe (NNN), comhtháthú na dtíortha comhpháirtíochta sa gheilleagar domhanda, rannchuidiú le gach gné den

¹³ Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

fhorbairt inbhuanaithe, agus rialachas polaitiúil agus airgeadais níos fearr ar iascaigh).

1.4.2. Cuspóirí sonracha

Cuspóir sonrach Uimh.

Cuspóir Sonrach Uimh. 1

Cur le hiascaireacht inbhuanaithe in uiscí nach bhfuil san Aontas, láithreach an Aontais a chothabháil in iascaigh i bhfarraigí i bhfad i gcéin agus leasanna earnáil iascaigh an Aontais agus tomhaltóirí a chosaint trí SFPAnna a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích le stáit chósta, i gcomhréir le beartais eile de chuid an Aontais.

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

08 05 01 – Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tíortha

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil coinne leo

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Le tabhairt i gcrích an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh, is féidir leanúint den chomhpháirtíocht iascaigh straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Cook agus í a neartú. Le tabhairt i gcrích an Phrótacail, cruthófar deiseanna iascaireachta do shoithí an Aontais i limistéir iascaireachta Oileáin Cook.

Leis an gComhaontú agus an leis an bPrótacal, is fearr a dhéanfar na hacmhainní iascaigh a bhainistiú agus a chaomhnú, trí thacaíocht airgeadais (tacaíocht earnála) a chur ar fáil chun cláir arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta ag an tír chomhpháirtíochta a chur chun feidhme, go háirithe an plean cuimsitheach iascaigh, faireachán a dhéanamh ar an iascaireacht neamhdhleathach agus comhrac ina coinne, agus tacaíocht a thabhairt don earnáil iascaigh ar scála beag.

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Rátaí úsáide deiseanna iascaireachta (glacadh bliantúil na n-údaruithe iascaireachta mar chéatadán den infhaighteacht faoin bPrótacal).

Sonraí maidir le gabhálacha (bailiú agus anailísiú) agus luach tráchtála an Chomhaontaithe.

Rannchuidiú le fostaíocht agus dálaí oibre sásúla in iascaigh agus le breisluach san Aontas agus le margadh an Aontais a chobhsú (go comhiomlán le SFPAnna eile).

Cuidiú feabhas a chur ar thaighde, faireachas agus rialú ar ghníomhaíocht iascaireachta a dhéanann an tír chomhpháirtíochta agus ar fhorbairt a hearnála iascaigh, go háirithe an earnáil a bhaineann le hiascach ar scála beag.

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais atá le comhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme an tionscnaimh ar bhonn céimneach*

Tá sé beartaithe go mbeidh feidhm shealadach ag an bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe ón dáta a síneofar é ionas nach gcuirfear isteach ar oibríochtaí iascaireachta atá ar siúl faoin bPrótacal atá ann faoi láthair.

Leis an bPrótacal nua cuirfear creat ar fáil do ghníomhaíochtaí iascaireachta chabhlach an Aontais i limistéir iascaireachta Oileáin Cook agus tabharfar údarú d'úinéirí soithí an Aontais iarratas a dhéanamh ar údaruithe iascaireachta chun dul i mbun iascaireachta sna limistéir iascaireachta sin. Ina theannta sin, leis an bPrótacal nua, cuirfear feabhas ar chomhar idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Cook d'fhonn gach gné den fhorbairt ar bheartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn. Leis an tacaíocht earnála atá ar fáil faoin bPrótacal cuideofar le hOileáin Cook lena straitéis iascaigh náisiúnta, lena n-áirítear an iascaireacht NNN a chomhrac agus dálaí oibre sásúla a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí iascaireachta de réir Choinbhinsiún 188 EIS (an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair) maidir le hObair san Iascaireacht.

1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain mar thoradh ar chomhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Mura dtabharfaidh an tAontas Prótacal nua i gcrích, chuirfeadh sé sin isteach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta shoithí an Aontais ós rud é go bhfuil clásal sa Chomhaontú reatha lena n-eisiatar gníomhaíochtaí iascaireachta nach bhfuil sa chreat a shainítear leis an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú. Dá réir sin, tá an luach breise le haghaidh chabhlach fadraoin an Aontais an-soiléir. Leis an bPrótacal tugtar creat freisin maidir le comhar neartaithe idir an tAontas agus Oileáin Cook.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

De thoradh na hanailíse ar ghabhálacha a d'fhéadfaí a fháil i limistéar iascaireachta Oileáin Cook, na measúnuithe agus na comhairle eolaíche atá ar fáil, tá iarracht iascaireachta tagartha 100 lá in aghaidh na bliana socraithe ag na Páirtithe lena gcuimsítear deiseanna iascaireachta do 4 shoitheach peas-saighne tuinníní. Thairis sin, féadfaidh úinéirí long suas le 110 lá iascaireachta sa bhreis a cheannach, más iomchuí. Leis an tacaíocht earnála, tugtar san áireamh riachtanais maidir le fothú acmhainneachta laistigh d'údaráis iascaigh Oileáin Cook agus tosaíochtaí na straitéise iascaigh náisiúnta lena n-áirítear, go háirithe, taighde eolaíoch agus tionscnaimh maidir le rialú agus faireacháin iascaireachta.

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Cistí a sholáthraítear mar chúiteamh airgeadais le haghaidh rochtana faoin SFPA, is ioncam inmhalartaithe iad i mbuiséad náisiúnta Oileáin Cook. Mar sin féin, leithdháiltear cistí atá beartaithe le haghaidh tacaíocht earnála (de ghnáth trína chur san áireamh sa dlí buiséadach bliantúil) ar an Aireacht atá freagrach as an iascach, ar choinníoll go dtabharfaí na SFPAnna i gcrích iad agus go ndéanfaí faireachán orthu. Tá na hacmhainní airgeadais seo comhoiriúnach le foinsí maoinithe eile ó sholáthraithe eile maoinithe idirnáisiúnta chun tionscadail agus/nó cláir a chur i gcrích ar an leibhéal náisiúnta san earnáil iascaigh.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

neamhbhainteach

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

- ☒ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**
- ☒ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ó dháta a shínithe in 2021, ar feadh tréimhse 3 bliana dár críoch in 2024.
- ☒ Tionchar airgeadais ó 2021 go 2024
- ☐ Togra/tionscadal a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**
- Cur chun feidhme ag a bhfuil tréimhse tosaigh ó BBBB go BBBB,
 - agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe¹⁴

- ☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanfaidh an Coimisiún
 - ☒ bainistíocht dhíreach a dhéanfaidh a ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
 - ☐ bainistíocht dhíreach a dhéanfaidh na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin
- ☐ **Bainistíocht chomhroinnte** leis na Ballstáit
- ☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:
 - ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
 - ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (le sonrú);
 - ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
 - ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 208 agus 209 den Rialachán Airgeadais;
 - ☐ comhlachtaí dlí poiblí;
 - ☐ comhlachtaí a rialaítear leis an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraíonn siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
 - ☐ comhlachtaí a rialaítear leis an dlí príobháideach Ballstáit, a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

¹⁴ Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard- Stiúrtóireacht an Bhuiséid:
<https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>

- ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme sa Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála de bhun Theideal V CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Barúlacha' le do thoil.*

Barúlacha

--

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

Déanfaidh an Coimisiún (AS MARE, i gcomhar lena *attaché* iascaigh, bunaithe sa réigiún (Fidsí)), faireachán rialta a áirithiú ar chur chun feidhme an Phrótacail a mhéid a bhaineann le húsáid deiseanna iascaireachta ag oibreoirí, sonraí gabhálacha agus comhlíonadh na gcoinníollacha le tacaíocht earnála.

Sa SFPA déantar foráil i dtaca le cruinniú amháin in aghaidh na bliana den Chomhchoiste, cruinniú ina ndéanfaidh an Coimisiún agus Rialtas Oileáin Cook athbhreithniú ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus an Phrótacail agus, más gá, an clársceidealú agus an ranníocaíocht airgeadais a choigeartú.

2.2. Córais bhainistíochta agus rialúcháin

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialúcháin atá beartaithe*

Cuirfear íocaíochtaí chun feidhme ar bhealach díchúpláilte maidir leis an ranníocaíocht le haghaidh rochtana agus an ranníocaíocht le haghaidh tacaíocht earnála.

Déanfar na híocaíochtaí le haghaidh rochtana ar bhonn bliantúil ar dháta comórtha an Phrótacail, ach amháin sa chéad bhliain, nuair a dhéanfar an íocaíocht laistigh de na 60 lá tar éis thús an chur chun feidhme go sealadach. Déanfar rochtain le haghaidh na soithí a rialú trí údaruithe iascaireachta a eisiúint.

Íocfar an tacaíocht den chéad uair laistigh de 3 mhí tar éis thús chur i bhfeidhm an phrótacail, faoi réir an chomhaontaithe ar chlár cur chun feidhme bliantúil agus ilbhliantúil; sna blianta ina dhiaidh sin, is ar na torthaí a bhainfear amach a bheidh sé ag brath. Tá idirphlé forleathan beartaithe maidir le clársceidealú agus cur i bhfeidhm an bheartais earnála a leagtar síos sa Chomhaontú agus sa Phrótacal. Tá anailís chomhpháirteach ar thorthaí mar chuid de na modhanna rialúcháin sin freisin. Déanfar faireachán ar na torthaí a baineadh amach agus ar an ráta cur chun feidhme de réir na dtreoirínte maidir le tacaíocht earnála a chur chun feidhme, ar bhonn tuarascálacha nó fianaise dhoiciméadach arna soláthar ag an tír chomhpháirtíochta agus measúnuithe agus fíoruithe an *attaché* iascaigh.

Ina theannta sin, tá clásail shonracha sa Chomhaontú agus sa Phrótacal maidir lena gcur ar fionraí, faoi choinníollacha áirithe agus in imthosca áirithe.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialúcháin inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Is é an riosca a aithníodh tearc-úsáid na ndeiseanna iascaireachta ag úinéirí shoithí an Aontais agus tearc-úsáid nó úsáid mhoillithe ag Oileáin Cook as cistí atá beartaithe chun an beartas iascaigh earnála a mhaoiniú.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialúcháin ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Tá íocaíochtaí a bhaineann le costais rochtana faoi Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPAnna) faoi réir seiceálacha atá dírithe ar a chinntiú go gcomhlíontar forálacha comhaontuithe idirnáisiúnta. Tá seiceálacha a bhaineann le tacaíocht earnála dírithe ar fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na tacaíochta. Is iad baill foirne an Choimisiúin a dhéanann an faireachán i dToscaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus le linn cruinnithe Comhchoistí. Úsáidtear maitrís chlársceidealaithe ilbhliantúil chun meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn. Mura bhfuil dul chun cinn leordhóthanach ann, cuirfear íocaíocht an chéad tráinse eile ar fionraí nó b'fhéidir go laghdófaí é. Meastar gur timpeall 1.8 % (de na ranníocaíochtaí in 2018) costas foriomlán na seiceálacha ar gach SFPA. Na nósanna imeachta le haghaidh seiceálacha ar SFPAnna, is ar cheanglais rialála riachtanacha den chuid is mó atá siad bunaithe. Mura mbraitear aon easnamh a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais, measfar go bhfuil na seiceálacha éifeachtach. Meastar gurb é 0.0 % an meánráta earráide.

2.3. **Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaíse.

Geallann an Coimisiún go mbunófar idirphlé polaitiúil agus comhordú rialta le hOileáin Cook d'fhonn bainistiú an Chomhaontaithe agus an Phrótacail a fheabhsú, agus rannchuidiú an Aontais le bainistiú acmhainní inbhuanaithe a neartú. Aon íocaíocht a dhéanann an Coimisiún faoi SFPA, is faoi réir rialacha caighdeánacha agus nósanna imeachta buiséid agus airgeadais an Choimisiúin a dhéantar iad. Go sonrach, sainiúitear go hiomlán cuntais bhainc na dtríú tíortha a n-íoctar an ranníocaíocht airgeadais iontu. Foráiltear le hAirteagal 2(8) den Phrótacal go n-íocfar an ranníocaíocht airgeadais le haghaidh rochtana, an ranníocaíocht atá beartaithe chun an earnáil a fhorbairt, isteach i gcuntas bainc Rialtais ainmnithe in Oileáin Cook.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	An cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ¹⁵ .	ó thíortha de chuid CSTE ¹⁶	ó thíortha is iarrthóirí ¹⁷	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	08.05.01 Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta an Aontais Eorpaigh in uisce tríú tíortha (SFAnna)	LD	NÍL	NÍL	TÁ	NÍL

- Línte nua bhuiséid atáthar a iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	An cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN.	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	[XX.YY.YY.YY]		TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

¹⁵ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

¹⁶ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

¹⁷ Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n- iarrthóirí.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	
---	--------	--

AS: MARE			Bliain 2021	Bliain 2022	Bliain 2023	Bliain 2024	IOMLÁN
•Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí							
Uimhir na líne buiséid 08.05.01	Gealltanais	(1a)	0,700	0,700	0,700		2,100
	Íocaíochtaí	(2a)	0,350	0,700	0,700	0,350	2,100
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)					
	Íocaíochtaí	(2b)					
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach ¹⁸							
Líne bhuiséid		(3)					
IOMLÁN na leithreasuithe	Gealltanais	=1a+1b+3	0,700	0,700	0,700		2,100

¹⁸ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin chun tacú le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, le taighde indíreach, le taighde díreach.

le haghaidh AS MARE	Íocaíochtaí	=2a+2b +3	0,350	0,700	0,700	0,350	2,100
----------------------------	-------------	--------------	-------	-------	-------	-------	--------------

•IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)					
	Íocaíochtaí	(5)					
• IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach		(6)					
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL <....> den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6	0,700	0,700	0,700		2,100
	Íocaíochtaí	=5+ 6	0,350	0,700	0,700	0,350	2,100

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceannteidil sin:

•IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)					
	Íocaíochtaí	(5)					
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta)		(6)					
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+ 6					
	Íocaíochtaí	=5+ 6					

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	‘Caiteachas riaracháin’
--	----------	-------------------------

Ba cheart an chuid seo a líonadh isteach trí leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ atá le hiontráil ar dtús san [Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach](#) (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Cuir isteach an oiread blianta is gá chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
AS: <.....>									
• Acmhainní daonna									
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN AS <.....>	Leithreasuithe								

IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán na ngealltanais = Iomlán na n-íocaíochtaí)								
--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2021	Bliain 2022	Bliain 2023	Bliain 2024	IOMLÁN
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANTEIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	0,700	0,700	0,700		2,100
	Íocaíochtaí	0,350	0,700	0,700	0,350	2,100

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain 2021		Bliain 2022		Bliain 2023		Bliain 2024		Cuir isteach an oiread blianta is gá chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)						IOMLÁN	
	ASCHUIR																	
	Sagha s ¹⁹	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	An líon iomlán	Costas iomlán
↓																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ²⁰ ...																		
- Rochtain ar an		0,350		0,350		0,350		0,350										
- Earnálach		0,350		0,350		0,350		0,350										1,050
- Aschur																		1,050
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1				0,700		0,700		0,700										2,100
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2 ...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																		
IOMLÁN																		

¹⁹ Is éard atá i gceist le haschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: an líon malartuithe mac léinn a mhaoineítear, líon km de bhóithre a thógtar, etc.).
²⁰ Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. ‘Cuspóirí sonracha...’

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe riaracháin

- X Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☐ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N ²¹	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Cuir isteach an oiread blianta is gá chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)	IOMLÁN
--	---------------------------	---------------	---------------	---------------	---	--------

CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas riaracháin eile								
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7²² den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas eile de chineál riaracháin								
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

IOMLÁN								
---------------	--	--	--	--	--	--	--	--

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad le leithreasuithe ón Ard- Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistiú an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard- Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard- Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

²¹ Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Cuir isteach an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann in ionad 'N', le do thoil (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

²² Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin chun tacú le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlinte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☐ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Cuir isteach an oiread blianta is gá chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)
•Poist le haghaidh an phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)					
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)					
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)					
01 01 01 01 (Taighde indíreach)					
01 01 01 11 (Taighde díreach)					
Línte buiséid eile (sonraigh)					
•Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: CLA)²³					
20 02 01 (AC, END, INT ón ‘imchlúdach iomlánaíoch’)					
20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí)					
XX 01 xx yy zz²⁴	- sa cheanncheathrú				
	- i dtoscaireachtaí				
01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach)					
01 01 01 12 (AC, END, INT – Taighde díreach)					
Línte buiséid eile (sonraigh)					
IOMLÁN					

XX is ea an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistiú an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard- Stiúrthóireacht a chuirfidh na hacmhainní daonna is gá ar fáil, mar aon le haon leithdháileadh breise a d’fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséid.

Tuairisc ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus foireann shealadach	Cur chun feidhme an Phrótacail (íocaíochtaí, rochtain ar uiscí Oileáin Cook ag soithí an Aontais, údaruithe iascaireachta a phróiseáil), ullmhúchán agus obair leantach na gComhchoistí, ullmhúchán le haghaidh athnuachan an Phrótacail, meastóireacht sheachtrach, nósanna imeachta reachtacha, caibidlíocht.
Foireann sheachtrach	Cur chun feidhme an Phrótacail: teagmháil le húdaráis Oileáin Cook maidir le rochtain ag soithí an Aontais ar limistéir iascaireachta Oileáin Cook, próiseáil na n-údaruithe iascaireachta, ullmhúchán agus obair leantach na gComhchoistí, go háirithe cur chun feidhme na tacaíochta eanála.

²³ AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT = Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

²⁴ Fo- uasteorainn d’fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte ‘BA’).

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- X is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

Úsáid na líne cúlchiste (Caibidil 40)

- ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoi cheannteideal ábhartha CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid.

- ☐ is gá athbhreithniú ar CAI.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- x ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N ²⁵	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Cuir isteach an oiread blianta is gá chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe								

²⁵

Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Cuir isteach an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar ioncam

- x Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile
 - má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne bhuiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ²⁶						
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Cuir isteach an oiread blianta is gá chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)		
Airteagal								

I gcás ioncam ilghnéitheach atá ‘sannta’, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Barúlacha eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

²⁶ Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.